Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 24 Samhain 2023
(OR. en, de)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0311(COD)**

**15782/23**
**ADD 1**

**SOC 815**
**ANTIDISCRIM 193**
**FREMP 341**
**TRANS 522**
**SPORT 59**
**CULT 166**
**CODEC 2216**
**IA 315**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Cárta Míchumais Eorpach agus an Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas<br>*- Ráiteas ó thoscaireacht na Gearmáine* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, ráiteas ó thoscaireacht na Gearmáine i ndáil leis an togra thuasluaite.

**IARSCRÍBHINN**

**Ráiteas ó Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine maidir leis an gcur chuige ginearálta i ndáil leis an Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Cárta Míchumais Eorpach agus an Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas**

Tá an Ghearmáin tiomanta costais an Chárta Míchumais Eorpaigh a choinneáil íseal. Bunaithe ar an taithí a fuarthas i ndáil le cárta míchumais na Gearmáine, ní fheictear don Ghearmáin go bhfuil aon bhaol ar leith ann ó thaobh na mí-úsáide de a éileodh iarrachtaí móra teicniúla agus bearta slándála i ndáil leis an gCárta Míchumais Eorpaigh. Ba cheart an méid sin a chur san áireamh le linn na caibidlíochta amach anseo agus nuair a bheidh na gníomhartha cur chun feidhme is gá á nglacadh. Go háirithe, níor cheart aon rud a chuirfeadh le costais táirgthe na gcártaí a bheith éigeantach, holagraim, sliseanna agus a leithéidí, cuir i gcás.

Sa Ghearmáin, tá daoine dalla i dteideal Cárta Páirceála an Aontais Eorpaigh a fháil freisin. Ionas go mbeidh daoine dalla in ann Cárta Páirceála an Aontais Eorpaigh a úsáid, molfaidh an Ghearmáin, le linn na caibidlíochta amach anseo, go gcuirfí litreacha braille ar Chárta Páirceála an Aontais Eorpaigh, sa chaoi is go mbeidh a bhfuil lagú amhairc orthu in ann an cárta sin agus cártaí eile a dhealú ó chéile.